
Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



# Drámaí

don Chéad Bhliain

# Scoileanna T1

| **Eochair** | | |
|---|---|---|
| **Canúintí na Gaeilge** | | |
| **U** = Canúint Uladh | **C** = Canúint Chonnacht | **M** = Canúint na Mumhan |

| | |
|---|---|
|  | ***'Eibhlín Rua'***<br>**Brian Ó Baoill (C)**<br>**Cnuasach: *Bózó agus Drámaí Eile***<br><br>An gcreideann tú i dtaibhsí? Baineann an dráma seo le cailín darbh ainm Eibhlín Rua sa 19ú haois i nGleann Dubh. Bhásaigh sí nuair a bhí sí ina déagóir agus deirtear gur chuir a Daid mallacht uirthi. Ar aghaidh go dtí an 21ú haois i nGleann Dubh agus buailimid le hAmanda, cailín óg ciúin, agus a col ceathracha. Chuala sí na ráflaí go siúlann taibhse timpeall an tí ag lorg Maighdean Rua. Ceapann na col ceathracha go bhfuil Amanda aisteach agus shocraigh siad cleas a dhéanamh uirthi. Nach mbeadh sé greannmhar go dtiocfadh taibhse i lár na hoíche chuici? An éireoidh leo an cleas a imirt ar Amanda? An bhfuil na ráflaí fíor faoi scéal Eibhlín Rua? Gan dabht, tá an mistéir fite fuaite tríd an dráma seo. Beidh tú ar chorr do shuíochán á léamh! |
|  | ***'Teach na Gaoithe'***<br>**Pádraig Ó Síochrú (M)**<br>**Cnuasach: *Liam na Leisce agus Teach na Gaoithe***<br><br>Is scéindráma grinn é, an saothar seo, a ghnóthaigh Duais Chuimhneacháin Aoidh Uí Ruairc in Oireachtas 1984. An mbeidh Liam na Leisce sásta an oíche a chaitheamh i dTeach na Gaoithe, teach a bhfuil eagla ar gach duine roimhe? Cé hí an ainnir álainn atá ina buanchodladh ansin le fada, agus an féidir í a mhúscailt? |

| | |
|---|---|
|  | ***'Áras na Rún'***<br>**Ré Ó Laighléis (C)**<br>**Cnuasach: *Aistear Intinne***<br><br>Is buachaill óg, leochaileach é, Seán Ó Dúgáin a bhfuil an máistir scoile ag tromaíocht air ar feadh an ama. Is measa ná riamh é an tromaíocht sin lá an turais scoile go dtí an Músaem Céirshamhlach. 'Sí an dornálaíocht is mó spéise le Seán agus tá sé ar bís faoi Bharra McGuigan, an laoch mór atá aige, a fheiceáil sa Mhusaem. Ach, toisc cantal a bheith ar an máistir, diúltaíonn sé Seán a ligint dul isteach sa Mhúsaem leis an gcuid eile den rang. Fágtar Seán i bhforsheomra an Mhúsaeim a fhad is atá na páistí eile imithe chun iontais na háite a fheiceáil. Tarlaíonn rudaí aisteacha do Sheán agus é san fhorsheomra céanna, áfach, agus is eisean a fheiceann na hiontais is iontaí ar fad.<br>Is leagan drámatúil é, Áras na Rún, den ghearrscéal An Rún. |
|  | ***'Ar an mBruach'***<br>**Celia de Fréine agus Fidelma Ní Ghallchobhair (C)**<br>**Cnuasach: *Blúiríní***<br><br>Tá Siobhán (15) san idirbhliain agus ar thaithí oibre i stáisiún raidió áitiúil. Tá suim aici san eolaíocht agus san iriseoireacht. Tá sí ag scáthú Marcais (30), iriseoir sa stáisiún raidió. Cuirtear de chúram orthu slad éisc in Abhainn na Gaillimhe, inar maraíodh trí mhíle iasc, a fhiosrú. Ach cad is cúis leis an eachtra uafásach seo? An camras é? Fuíoll ó thionscal éigin? Fuíoll ó fheirm? An bhfuil an diúilicín riabhach a tháinig isteach ón Rúis taobh thiar de? Bíonn ar Shiobhán déileáil le teannais áitiúla, teannais sa láthair oibre agus fiú caint míchuibhiúil ach is féidir léi é seo go léir a dhéanamh gan saothar, gan stró. Is léir go bhfuil talann ag Siobhán don obair seo ach an éireoidh léi foinse an truaillithe a aimsiú? An timpeallacht agus an tábhacht í a chaomhnú atá mar théama sa dráma taitneamhach seo. |
|  | ***'Cumhacht na Cuimhne'***<br>**Seosamh Mac Gabhann (C)**<br>**Cnuasach: *Cumhacht na Cuimhne agus Drámaí Eile***<br><br>Ceacht ríomhaireachta – ceacht saoil. Oíche gheimhridh atá ann agus tá scoláirí istigh sa scoil san oíche ag iarraidh tuarascáil a chur le chéile. Storim amuigh. Bíonn gearradh cumhachta ann agus cailltear an méid den tuarascáil nach raibh sábhailte acu. An éireoidh leo an obair a chur i gcrích? |


CC BY NC